Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10863 – HANWHA Q CELLS / ENERCITY / LYNQTECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 367/08)

1. An 19 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hanwha Q CELLS GmbH ("Hanwha Q CELLS", an Ghearmáin), atá faoi rialú Hanwha Corporation (Poblacht na Cóiré),

— Enercity digital GmbH ("enercity", an Ghearmáin), atá faoi rialú Versorgungs- und Verkehrsgesellschaft Hannover mbH ("VVG", an Ghearmáin),

— LynqTech GmbH ("LynqTech", an Ghearmáin), atá faoi rialú enercity.

Gheobhaidh Q CELLS agus enercity rialú comhpháirteach ar LynqTech ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Hanwha Q CELLS: soláthraí réiteach fuinnimh a mbaineann a raon feidhme gnó le réitigh mheánteachtacha, amhail cealla agus modúil, agus réitigh ghrianfhuinnimh iartheachtacha d'fhoirgnimh chónaithe, thráchtála agus thionsclaíocha, chomh maith le do ghléasraí cumhachta grianfhuinnimh móra,

— i gcás enercity: soláthraí seirbhíse fóntais a dháileann leictreachas, gás nádúrtha, téamh ceantair, fuinneamh adhmaid agus uisce óil. Ina theannta sin, tairgeann sé seirbhísí a bhaineann le fuinneamh agus oibríonn sé gléasraí cumhachta agus gléasraí teasa agus cumhachta in éineacht le haghaidh téamh ceantair, chomh maith le gléasraí bithgháis. Tá enercity faoi rialú deiridh VVG, ar cuideachta sealbhaíochta é atá i seilbh Chathair Hanover agus Réigiún Hanover. Tá VVG gníomhach san iompar poiblí, sa bhonneagar (iarnród éadrom) agus i seirbhísí fóntais,

— i gcás LynqTech: forbairt, cur chun feidhme, oibriú, margú agus ceadúnú réiteach díolacháin atá bunaithe ar TF do chuideachtaí (tionscnamh conartha go cuntasaíocht), go háirithe in earnáil an fhuinnimh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10863 – HANWHA Q CELLS / ENERCITY / LYNQTECH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË